2026/2093

16.9.2026

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/2093 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Iúil 2026

lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le híocaíochtaí náisiúnta le haghaidh driogadh fíona, glasbhuaint agus stoitheadh ó fhréamh fíonghort táirgiúil i gcásanna géarchéime a bhfuil údar cuí leo

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 216(4), Airteagal 223 agus Airteagal 227 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2026/471 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), tugtar isteach sraith beart chun an acmhainneacht táirgthe fíona a oiriúnú, chun an margadh fíona a bhainistiú agus chun tacú le hearnáil an fhíona aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla a dhéanann difear di chun í a chur in oiriúint d'fhorbairtí nua sa mhargadh i gcomhthéacs ardéiginnteachta idirnáisiúnta. I measc bearta eile, le Rialachán (AE) 2026/471 méadaíodh raon feidhme Airteagal 216 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Sa bhreis ar dhriogadh fíona, féadfaidh na Ballstáit formheas a lorg anois ón gCoimisiún chun íocaíochtaí náisiúnta a dhéanamh chun tacú le glasbhuaint agus stoitheadh ó fhréamh deonach fíonghort táirgiúil i gcásanna géarchéime faoi dhálaí áirithe. Tugadh de chumhacht don Choimisiún an tAirteagal sin a fhorlíonadh trí rialacha a leagan síos maidir leis na coinníollacha ginearálta incháilitheachta agus critéir thosaíochta i leith na n-íocaíochtaí náisiúnta sin, agus maidir leis na staideanna margaidh a chinneadh faoina bhfuil údar leis na bearta sin, modh ríofa na n-íocaíochtaí sin a chinneadh agus rialacha a leagan síos maidir lena gcomhleanúnachas le bearta tacaíochta eile de chuid an Chomhbheartais Talmhaíochta.

(2) Sa chomhthéacs sin, tá sé ábhartha na dálaí a shainiú maidir le géarchéim a bheith ann a bhféadfaidh na Ballstáit formheas a lorg ina leith chun íocaíochtaí náisiúnta a dhéanamh as driogadh, glasbhuaint agus stoitheadh ó fhréamh fíonghort táirgiúil chomh maith leis na catagóirí agus dathanna fíona a bhféadfar na bearta sin a chur i bhfeidhm ina leith.

(3) Is é is aidhm do dhriogadh fíona agus glasbhuaint fíon breise a bhaint den mhargadh, agus cosc a chur ar tháirgeadh an fhíona sin roimh an mbuaint, faoi seach. Cé gurb iomchuí na bearta sin i staideanna ina ndéanann cásanna de rósholáthar in alt na huaire difear don mhargadh fíona, ar cásanna iad lena ngintear suaitheadh sa mhargadh, nó lena gcruthaítear bagairt go nginfí suaitheadh sa mhargadh, is é is aidhm do stoitheadh ó fhréamh go buan na bhfíonghort táirgiúil aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí margaidh struchtúracha idir an soláthar agus an t-éileamh. Dá bhrí sin, leis na critéir chun na himthosca margaidh a shainaithint lena dtugtar údar le formheas na n-íocaíochtaí náisiúnta le haghaidh na mbeart sin, ní mór léiriú a dhéanamh, ar thaobh amháin, ar rósholáthar margaidh in alt na huaire sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma agus ar mhíchothromaíocht margaidh struchtúrach níos fadtéarmaí ar an taobh eile. Dá bhrí sin, ní mór na critéir chun na himthosca margaidh a shainaithint lenar féidir údar a thabhairt le formheas íocaíochtaí náisiúnta den sórt sin a shainiú ar bhealach éagsúil le haghaidh driogadh fíona agus glasbhuaint ar thaobh amháin agus le haghaidh stoitheadh ó fhréamh go buan fíonghort táirgiúil ar an taobh eile. I bhfianaise deighilt láidir a bheith i margadh fíona an Aontais, tá sé ábhartha cead a thabhairt do na Ballstáit na bearta a dhíriú ar an raon feidhme geografach iomchuí agus ar na cineálacha fíonta a ndéanann an ghéarchéim mhargaidh difear dóibh. Dá bhrí sin, tá sé ábhartha a cheadú go bhféadfaidh feidhm ar an leibhéal réigiúnach nó náisiúnta a bheith ag na bearta atá le sainiú ag na Ballstáit agus maidir le catagóir amháin fíona nó níos mó agus dath amháin fíona nó níos mó.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2026/471 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) Uimh. 251/2014 agus (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann le rialacha margaidh áirithe agus bearta tacaíochta earnála áirithe in earnáil an fhíona agus le haghaidh táirgí fíona cumhraithe agus Rialachán (AE) 2024/1143 a mhéid a bhaineann le rialacha lipéadaithe áirithe le haghaidh deochanna biotáilleacha (IO L, 2026/471, 26.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/471/oj).

(4) Tá sé ábhartha freisin bunchritéir incháilitheachta a leagan síos ag brath ar ábhar an bhirt. Ní fhéadfaidh ach saothróirí fíniúna a shaothraíonn fíonghoirt chun fíon a tháirgeadh a bheith incháilithe, faoi choinníollacha áirithe, d'íocaíochtaí náisiúnta le haghaidh glasbhuainte agus stoitheadh ó fhréamh go buan fíonghort táirgiúil, agus d'fhéadfadh oibreoirí eile a tháirgeann, a mhargaíonn nó a dhriogann fíon tairbhe a bhaint as íocaíochtaí náisiúnta i ndáil le driogadh fíona. I ndáil leis sin, i gcás driogadh fíona, tá sé tábhachtach, nuair nach táirgeoirí fíona iad na tairbhithe, go n-áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an tairbhe eacnamaíoch a eascraíonn as na híocaíochtaí náisiúnta ar aghaidh chuig na táirgeoirí fíona. Chun comhsheasmhacht bheartas fíona an Aontais a áirithiú, ba cheart a sheachaint go mbainfeadh saothróirí fíniúna a bhfuil fíonghoirt curtha acu gan údarú tairbhe as tacaíocht don stoitheadh ó fhréamh ná don ghlasbhuaint. Ar na cúiseanna céanna a bhaineann le comhleanúnachas beartais, ní fhéadfaidh ach fíonta a chomhlíonann ceanglais agus coinníollacha dlíthiúla ábhartha an Aontais, lena n-áirítear na ceanglais maidir le fíonta a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint orthu, i gcás inarb infheidhme, tairbhe a bhaint as tacaíocht phoiblí don driogadh.

(5) Chun cothrom iomaíochta a áirithiú i measc táirgeoirí fíona sna Ballstáit éagsúla agus chun nach mbeidh saobhadh iomaíochta ann, tá sé ábhartha na heilimintí a leagan síos ar cheart do na Ballstáit iad a chur san áireamh agus an tacaíocht uasta a ríomh atá le soláthar i bhfoirm íocaíochtaí náisiúnta don ghlasbhuaint, don driogadh fíona agus don stoitheadh ó fhréamh fíonghort táirgiúil.

(6) Ionas nach mbeidh an ghlasbhuaint agus an driogadh fíona ina n-asraon rialta margaidh d'fhíonta ó réigiúin a ndéanann míchothromaíochtaí margaidh struchtúracha difear dóibh, tá sé ábhartha go dtabharfaidh na Ballstáit a chuireann na bearta sin i bhfeidhm arís agus arís eile aghaidh freisin ar na bunchúiseanna struchtúracha atá leis an míchothromaíocht sin. Dá bhrí sin, ba cheart údaruithe nua le haghaidh glasbhuainte agus driogadh a bheith coinníollach ar chur i bhfeidhm comhuaineach stoitheadh ó fhréamh go deonach fíonghort táirgiúil agus ar chur i bhfeidhm na gcoinníollacha, dá bhforáiltear faoi Airteagal 58(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus idirghabhálacha athstruchtúraithe agus ath-thiontaithe á gcur chun feidhme. Is é is aidhm do na coinníollacha sin a sheachaint go gcuirfidh idirghabhálacha athstruchtúraithe agus ath-thiontaithe leis an méadú ar tháirgeacht i réigiúin a ndearna míchothromaíocht margaidh struchtúrach difear dóibh cheana féin.

(7) Chun feidhmiú cuí agus cur chuige comhchuibhithe a áirithiú maidir leis an gcóras cur i bhfeidhm le haghaidh na n-íocaíochtaí náisiúnta dá dtagraítear sa Rialachán seo, tá sé ábhartha ceanglais áirithe a leagan síos maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit don Choimisiún chun údar cuí a thabhairt lena n-iarraidh ar fhormheas agus chun foráil a dhéanamh maidir le ceanglais áirithe maidir le fógra a thabhairt faoi chur chun feidhme éifeachtach na mbeart laistigh de sprioc-am bliantúil áirithe.

(8) I bhfianaise na ndúshlán atá roimh earnáil an fhíona faoi láthair, is gá an deis a thabhairt do na Ballstáit na bearta dá bhforáiltear leis an Rialachán seo a chur chun feidhme le linn na bliana margaíochta atá le teacht. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann leis na hiarrataí ar fhormheas íocaíochtaí náisiúnta a fhéadfaidh na Ballstáit a dhéanamh in earnáil an fhíona le haghaidh driogadh fíona, glasbhuaint agus stoitheadh ó fhréamh fíonghort táirgiúil, i gcásanna géarchéime margaidh a bhfuil údar cuí leo, i gcomhréir le hAirteagal 216 den Rialachán sin.

([3]) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj).

2. Leagtar amach sa Rialachán seo na critéir a úsáidfidh na Ballstáit chun a chinneadh an ann do ghéarchéim mhargaidh a thugann údar le deonú na n-íocaíochtaí náisiúnta dá dtagraítear i mír 1, chomh maith leis na coinníollacha incháilitheachta ginearálta agus na rialacha maidir le ríomh na n-uasmhéideanna tacaíochta a fhéadfaidh na Ballstáit a dheonú trí na híocaíochtaí náisiúnta sin.

3. Déantar foráil sa Rialachán seo freisin maidir le ceanglais chomhleanúnachais áirithe idir na híocaíochtaí náisiúnta sin agus bearta tacaíochta eile de chuid an Chomhbheartais Talmhaíochta d'earnáil an fhíona a dheonaítear sa réigiún táirgthe céanna.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'driogadh' diúscairt fíona mar a shainmhínítear í i bpointe 1 de Chuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, trí dhriogadh iomlán ina alcól amh ar mó ná 92 %, ar a laghad, a neart alcólach arna thomhas mar chéatadán dá thoirt;

(2) ciallaíonn 'glasbhuaint' an oibríocht a shainmhínítear in Airteagal 3(5), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;

(3) ciallaíonn 'stoitheadh ó fhréamh' na stoic fíniúna uile i limistéar áirithe fíonghoirt a áirítear sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 145 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a stoitheadh agus a bhaint go hiomlán;

(4) ciallaíonn 'catagóir' fíona fíon atá faoi chosaint ag ainmniúchán tionscnaimh, fíon atá faoi chosaint ag tásc geografach, nó fíon gan tásc geografach;

(5) ciallaíonn 'dath' fíona fíon dearg, fíon *rosé* nó fíon geal.

Airteagal 3

Driogadh fíona agus glasbhuaint i gcásanna géarchéime a bhfuil údar cuí leo

1. Faoi réir fhormheas an Choimisiúin dá bhforáiltear in Airteagal 216(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí náisiúnta a dheonú le haghaidh driogadh fíona agus glasbhuaint i gcásanna géarchéime a bhfuil údar cuí leo faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Beidh íocaíochtaí náisiúnta den sórt sin comhréireach, beidh údar cuí leo agus beidh siad dírithe ar fhíonta agus ar réigiúin táirgthe a ndéanann staid géarchéime difear dóibh, i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo. Féadfar an driogadh agus an ghlasbhuaint a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, le haghaidh catagóir nó dath amháin fíona nó roinnt catagóirí agus dathanna fíonta.

2. Chun a chinneadh an ann do staid géarchéime, léireoidh an Ballstát ar mian leis úsáid a bhaint as na híocaíochtaí náisiúnta le haghaidh na mbeart dá dtagraítear i mír 1, gur tharla ceann amháin nó níos mó de na himthosca margaidh seo a leanas, le haghaidh chatagóirí agus dhathanna na bhfíonta incháilithe, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach, de réir mar is iomchuí:

(a) méadú suntasach ar na stoic fíona is déanaí atá ar fáil ar an leibhéal táirgeachta i gcomparáid leis na meánstoic fíona an tráth seo den bhliain sna 5 bliana margaíochta roimhe sin nó, de rogha air sin, sna 5 bliana margaíochta roimhe sin gan na luachanna is airde agus is ísle a chur san áireamh;

(b) laghdú suntasach ar mheánphraghas mhargadh an fhíona ar an leibhéal táirgthe ar feadh na 6 mhí is déanaí i gcomparáid leis an meánphraghas margaidh le linn na 5 bliana margaíochta roimhe sin nó, de rogha air sin, le linn na 5 bliana margaíochta roimhe sin gan na luachanna is airde agus is ísle a chur san áireamh;

(c) laghdú suntasach ar dhíolacháin charnacha sa mhargadh fíona ar leibhéal táirgthe don bhliain mhargaíochta leanúnach i gcomparáid leis na meándíolacháin charnacha sa tréimhse chéanna le linn na 5 bliana margaíochta roimhe sin, nó, de rogha air sin, le linn na 5 bliana margaíochta roimhe sin, gan na luachanna is airde agus is ísle a chur san áireamh, agus ar choinníoll nach n-eascraíonn laghdú den sórt sin as laghdú ar tháirgeadh.

3. Is iad tairbhithe incháilithe na n-íocaíochtaí náisiúnta dá dtagraítear i mír 1, le haghaidh glasbhuainte, saothróirí fíniúna nach n-áirítear ina ngabháltais ach limistéir fíonghort a plandáladh le húdarú um plandú i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta agus, le haghaidh driogtha, daoine fisiciúla nó dlítheanacha a tháirgeann nó a mhargaíonn fíon, eagraíochtaí táirgeora fíona nó a gcomhlachais, comhlachais dhá tháirgeoir fíona nó níos mó, nó driogairí táirgí fíniúna.

I gcás nach táirgeoir fíona é tairbhí birt driogtha, áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann go gcuirfear tairbhe eacnamaíoch an bhirt ar aghaidh chuig na táirgeoirí fíona ábhartha.

4. Ní bheidh uasmhéid na híocaíochta náisiúnta in aghaidh an heicteáir i ndáil le glasbhuaint níos airde ná suim na nithe seo a leanas:

(a) an costas díreach a bhaineann leis na triopaill fíonchaor neamhaibí a bhaint nó a scriosadh go hiomlán, le socrú ag an mBallstát ar bhonn costais chaighdeánacha ionadaíocha;

(b) méid cúitimh nach mó ná 50 % de mheánluach na bhfíonchaor a táirgeadh sa limistéar céanna sna 3 bliana margaíochta roimhe sin, arna ríomh le haghaidh meántáirgeachtaí ag meánphraghsanna fíonchaor, le haghaidh na gcatagóirí fíona agus na ndathanna fíona incháilithe sa limistéar geografach ábhartha lúide meánchostas na buainte sa limistéar céanna; agus

(c) dreasacht nach mó ná 20 % de shuim an dá mhéid sin.

5. Ní bheidh uasmhéid na híocaíochta náisiúnta in aghaidh an heictilítir d'fhíon incháilithe a bheidh ag tairbhiú den driogadh níos airde ná suim na nithe seo a leanas:

(a) an costas a bhaineann le driogadh fíona a oibriú, arna mheas ag an mBallstát ar bhonn costais chaighdeánacha ionadaíocha;

(b) méid cúitimh nach mó ná 50 % den mheánphraghas margaidh le linn na 6 mhí is déanaí le haghaidh chatagóirí agus dhathanna an fhíona incháilithe agus laistigh de raon feidhme geografach an bhirt; agus

(c) dreasacht nach mó ná 20 % de shuim an dá mhéid sin.

6. Is de thionscnamh an Aontais a bheidh an fíon atá incháilithe do dhriogadh i gcomhréir leis an Rialachán seo agus beidh sé i gcomhréir leis na ceanglais chun é a mhargú laistigh den Aontas agus, i gcás inarb ábhartha, leis na sonraíochtaí táirge le haghaidh fíonta a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint orthu.

Airteagal 4

Stoitheadh ó fhréamh fíonghort táirgiúil i gcásanna géarchéime a bhfuil údar cuí leo

1. Faoi réir fhormheas an Choimisiúin dá bhforáiltear in Airteagal 216(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, féadfaidh na Ballstáit a choinníonn an clár fíonghort dá dtagraítear in Airteagal 145 den Rialachán sin ar bun íocaíochtaí náisiúnta a dheonú i leith stoitheadh ó fhréamh go deonach fíonghort táirgiúil a chuirtear chun feidhme ina gcríoch faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Beidh íocaíochtaí náisiúnta den sórt sin comhréireach, tabharfaidh an Ballstát údar cuí leo agus beidh siad dírithe ar na fíonta agus ar na réigiúin táirgthe a ndéanann míchothromaíocht struchtúrach sa mhargadh difear dóibh i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo. Féadfar an stoitheadh ó fhréamh a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach le haghaidh limistéir shonracha nó le haghaidh fíonghoirt a tháirgeann catagóir nó dath amháin fíona nó roinnt catagóirí agus dathanna fíonta.

2. Chun a chinneadh an ann do mhíchothromaíocht margaidh struchtúrach, léireoidh an Ballstát ar mian leis úsáid a bhaint as íocaíochtaí náisiúnta le haghaidh an bhirt dá dtagraítear i mír 1, gur tharla ceann amháin de na himthosca margaidh seo a leanas, maidir leis na catagóirí agus na dathanna fíona arna dtáirgeadh ag fíonghoirt incháilithe, ar an leibhéal réigiúnach nó ar an leibhéal náisiúnta, de réir mar is iomchuí:

(a) méadú suntasach ar mheán na stoc fíona deiridh measta sna 5 bliana margaíochta roimhe sin, i gcomparáid le meán na stoc fíona deiridh measta sna 10 mbliana margaíochta roimhe sin. Beidh an méadú ar stoic fíona mheasta sna 5 bliana margaíochta roimhe sin i bhfad níos mó freisin ná an méadú ar mheántáirgeadh fíona le linn na tréimhse tagartha céanna sna 10 mbliana margaíochta roimhe sin.

Ciallaíonn na stoic fíona deiridh mheasta de chuid bliain mhargaíochta stoic fíona deiridh iarbhír na bliana margaíochta sin arna méadú de réir na gcainníochtaí fíona a baineadh den mhargadh sa bhliain mhargaíochta chéanna ag driogadh náisiúnta nó ag driogadh de chuid an Aontais nó ag glasbhuaint. Déantar cainníocht an fhíona a bhaintear trí ghlasbhuaint a ríomh tríd an limistéar atá faoi réir glasbhuainte a thiontú ina choibhéis toirte fíona ag meántáirgeacht sa bhliain chéanna sa limistéar geografach céanna inar cuireadh i bhfeidhm é;

(b) an táirgeadh fíona bliantúil a bheith cuid mhaith os cionn na méideanna fíona a dhíoltar go bliantúil ar an leibhéal táirgthe le 3 bliana ar a laghad thar na 5 bliana margaíochta roimhe sin;

(c) gur tharla ceann amháin ar a laghad de na himthosca margaidh dá dtagraítear in Airteagal 3(2) i 3 bliana margaíochta ar a laghad thar na 5 bliana margaíochta roimhe sin;

(d) laghdú suntasach ar mheánbhrabúsacht bhliantúil an fhíonghoirt in aghaidh an heicteáir sna 10 mbliana margaíochta roimhe sin, arna ríomh ar bhonn modheolaíocht chaighdeánach a úsáidtear san anailís eacnamaíoch ar earnáil na feirmeoireachta.

3. Is iad tairbhithe incháilithe na n-íocaíochtaí náisiúnta don stoitheadh ó fhréamh fíonghort táirgiúil, saothróirí fíniúna nach n-áirítear ina ngabháltais ach limistéir fíonghort a plandáladh le húdarú um plandú i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta.

4. Ní bheidh incháilithe ach fíonghoirt a buanadh uair amháin ar a laghad le linn na bliana margaíochta reatha agus an 2 bhliain mhargaíochta roimhe sin, tráth a chuireann an tairbhí an t-iarratas ar thacaíocht isteach, ar choinníoll gur tugadh fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann maidir leis an dearbhú buainte ábhartha.

5. Fíonghoirt a bhí faoi réir oibríocht athstruchtúraithe agus tiontaithe dá dtugtar tacaíocht faoi Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115 le linn na 5 bliana airgeadais roimhe sin, ní bheidh siad incháilithe d'íocaíochtaí náisiúnta le haghaidh stoitheadh ó fhréamh.

6. Ní bheidh uasmhéid na híocaíochta náisiúnta in aghaidh an heicteáir don stoitheadh ó fhréamh fíonghort táirgiúil níos airde ná suim na nithe seo a leanas:

(a) an costas díreach a bhaineann le stoitheadh ó fhréamh a oibriú, atá le leagan síos ag an mBallstát ar bhonn costais chaighdeánacha ionadaíocha; agus

(b) méid cúitimh nach mó ná 100 % den chaillteanas ioncaim in aon bhliain amháin arna shocrú ar an leibhéal céanna leis an gcaillteanas ioncaim bliantúil arna shocrú ag an mBallstát chun críocha Airteagal 59(1), an tríú fomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2115.

7. An fhaisnéis maidir le dáileachtaí a stoitheadh ó fhréamh le tacaíocht ón íocaíocht náisiúnta dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear faisnéis faoin mbliain a rinneadh an dáileacht a stoitheadh ó fhréamh agus faoi shainaithint an tairbhí, coimeádfar an fhaisnéis sin sa chlár fíonghort dá dtagraítear in Airteagal 145 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ar feadh 10 mbliana margaíochta ar a laghad tar éis na bliana ina ndearnadh an dáileacht a stoitheadh ó fhréamh.

Airteagal 5

Comhleanúnachas le bearta tacaíochta eile

Sna Ballstáit a bhfuil íocaíochtaí náisiúnta le haghaidh driogtha nó glasbhuaint curtha chun feidhme acu cheana féin i gcomhréir le hAirteagal 3 ar feadh 3 bliana margaíochta nó níos mó sa tréimhse 5 bliana margaíochta roimhe sin sa limistéar geografach céanna agus le haghaidh na gcatagóirí agus na ndathanna céanna fíona, maidir leis an bhformheas chun úsáid a bhaint as íocaíochtaí náisiúnta go ceann bliain bhreise, le haghaidh an limistéir gheografaigh chéanna agus na bhfíonta céanna lena mbaineann, beidh an formheas sin coinníollach ar na Ballstáit na bearta seo a leanas a ghlacadh:

(a) úsáid a bhaint as íocaíochtaí náisiúnta le haghaidh stoitheadh ó fhréamh fíonghort táirgiúil i gcomhréir le hAirteagal 4 nó an idirghabháil stoitheadh ó fhréamh go buan dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (o), de Rialachán (AE) 2021/2115 a áireamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT, le haghaidh an 2 bhliain mhargaíochta nó airgeadais ina dhiaidh sin ar a laghad, faoi seach; agus

(b) na coinníollacha sonracha agranamaíocha, fíonsaothraithe nó na coinníollacha sonracha eile dá bhforáiltear in Airteagal 58(1), an dara fomhír, a leagan síos ina bPleananna Straitéiseacha CBT, le haghaidh na hidirghabhála faoi Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115.

Airteagal 6

Iarraidh ar fhormheas

Na Ballstáit ar mian leo úsáid a bhaint as íocaíochtaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 1, cuirfidh siad iarraidh ar fhormheas faoi bhráid an Choimisiúin ina mbeidh, i gcás gach birt do na limistéir gheografacha ábhartha, do na catagóirí fíona ábhartha agus do na dathanna ábhartha, an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:

— a mhéid a bhaineann le driogadh agus glasbhuaint:

(a) an raon feidhme geografach, na catagóirí agus dathanna fíona, nó fíonghoirt a tháirgeann fíonta den sórt sin, ar a ndírítear leis an mbeart de réir mar is iomchuí;

(b) aon choinníoll incháilitheachta breise agus aon chritéar tosaíochta a d'fhéadfadh a bheith socraithe ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh fíona, fíonghoirt agus tairbhithe;

(c) fad an bhirt, lena n-áirítear dátaí tosaigh agus deiridh an bhirt, a sholáthar;

(d) an fhaisnéis ábhartha lena léirítear gur tharla imthosca margaidh dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointí (a), (b) agus (c);

(e) toirt ionchasach an fhíona incháilithe atá le driogadh nó an limistéar ionchasach atá le bheith faoi réir glasbhuainte;

(f) an buiséad iomlán dá bhforáiltear agus uasmhéid na híocaíochta náisiúnta in aghaidh an heictilítir d'fhíon driogtha nó in aghaidh an heicteáir atá faoi réir glasbhuainte;

— a mhéid a bhaineann le stoitheadh ó fhréamh fíonghort táirgiúil:

(a) an raon feidhme geografach, na catagóirí agus na dathanna fíona ar a ndírítear leis an mbeart;

(b) aon choinníoll incháilitheachta breise agus aon chritéar tosaíochta a d'fhéadfadh a bheith socraithe ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh fíonghort agus tairbhithe;

(c) fad an bhirt, lena n-áirítear dátaí tosaigh agus deiridh an bhirt, a sholáthar;

(d) an fhaisnéis ábhartha lena léirítear gur tharla imthosca margaidh dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointí (a), (b), (c) agus (d);

(e) limistéar ionchasach na bhfíonghort atá le stoitheadh ó fhréamh agus méid coibhéiseach a tháirgthe fíona féideartha;

(f) an buiséad iomlán dá bhforáiltear agus uasmhéid na híocaíochta náisiúnta in aghaidh an heicteáir.

Airteagal 7

Fógraí

1. Na Ballstáit ar formheasadh a n-iarraidh ar íocaíochtaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 1, cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid seo a leanas faoin 30 Meán Fómhair i leith na bliana margaíochta roimhe sin ina gcuirtear i bhfeidhm iad:

(a) na cainníochtaí fíona a tarraingíodh siar ón margadh do gach beart driogtha a chuirtear chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 3, in aghaidh chatagóir agus dhath an fhíona, chomh maith leis na toirteanna alcóil a tháirgtear ón bhfíon a sheachadtar agus a dhriogtar agus méid comhfhreagrach na n-íocaíochtaí náisiúnta a dheonaítear;

(b) na limistéir a thairbhigh d'íocaíochtaí náisiúnta le haghaidh glasbhuainte arna gcur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 3 in aghaidh chatagóir agus dhath an fhíona, agus méid comhfhreagrach na n-íocaíochtaí náisiúnta a deonaíodh;

(c) na limistéir a thairbhigh d'íocaíochtaí náisiúnta le haghaidh stoitheadh ó fhréamh fíonghort táirgiúil arna gcur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 4, in aghaidh chatagóir agus dhath an fhíona, agus méid comhfhreagrach na n-íocaíochtaí náisiúnta a deonaíodh.

2. Déanfar na fógraí chuig an gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1183 ón gCoimisiún ([4]).

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1183 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 maidir le forlíonadh Rialacháin (AE) Uimh. 1307/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fógraí a thabhairt don Choimisiún faoi fhaisnéis agus doiciméid (IO L 171, 4.7.2017, lch. 100, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/1183/oj).